Ceolchoirm in Ollscoil Luimnigh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar mhír faoi cheolchoirm speisialta in Ollscoil Luimnigh. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na focail seo leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?

ómós	cumadóir	daoine muinteartha
ag prapáil	bunaidhm	taighde
cleachtadh	cathaoirleach ceoil	ag dul ar scor
scór bliain	spreagadh	scoláireacht
bláth na gceoltóirí	ceiliúradh	tionlacan
ceolfhoireann		

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus líon na bearnaí sa script leis na focail thuas.

Beidh ceolchoirm speisialta i Luimneach anocht in _____ don _____ ceoil Micheál Ó Súilleabháin atá ag éirí as. Tá sé breis is 20 bliain ó shin ó bhunaigh Micheál Dámh Chruinne Éireann i gCeol agus i Rince in Ollscoil Luimnigh.

Cairde, _____ agus ceoltóirí _____ in Ollscoil Luimnigh do cheolchoirm na hoíche anocht. I 1994 a bunaíodh Dámh Chruinne Éireann sa Cheol agus sa Rince anseo. Ba é _____ an Acadaimh ná _____, múineadh agus _____ an cheoil agus an rince a chur chun cinn. Ba é Micheál Ó Súilleabháin a bhí ina cheann feadhna agus a bhunaigh é, agus ó shin, tá ceoltóirí agus cumadóirí ó ar fud an domhain tarraingthe go Luimneach. Ba é Micheál an chéad _____ in Ollscoil Luimnigh. Ach i mbliana, tá a bhuille deireanach seinnte aige sa ról sin agus é _____ anois.

Táim críochnaithe leis an scoil anois. I ndáiríre, táim anseo i gcathair Luimnigh agus in Ollscoil Luimnigh le _____ agus bhíos i gCorcaigh roimhe sin an t-am céanna...an *duration* céanna. Ní hé go bhfuilim críochnaithe leis an oideachas in aon chor ach táim críochnaithe go hoifigiúil leis an gceangal leis an ollscoil anseo, an dtuigeann tú?

Nuair a bhí sé san ollscoil i gCorcaigh, bhí a fhios againn go raibh ceangal aige leis an obair a dhein Ó Riada roimhe agus an rud a dhein sé, is dócha, ná gur thóg sé an ceol traidisiúnta isteach go dtí an ollscoil agus ba é an chéad duine a thug _____ don cheol traidisiúnta a sheinm san ollscoil agus ansin an _____ ina dtimpeall chomh maith.

Anocht, beidh _____ ag tabhairt faoin stáitse anseo in Ollscoil Luimnigh mar _____ ar obair Mhichíl. Ina measc sin, beidh Ceoltóir Óg na Bliana, Pádraig Keane, Ken Edge, Niall Keegan, Kathleen Turner agus mórán eile.

Beidh _____ chomh maith ann ó _____ RTÉ agus Cór an Acadaimh féin anseo. Ceol agus ceiliúradh ar shaol agus beatha duine de mhórchumadóirí ceoil ár linne seo.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i Luimneach.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cén fáth a bhfuil ceolchoirm speisialta á cur ar siúl in Ollscoil Luimnigh?
2. Cad a bhunaigh Micheál Ó Súilleabháin in Ollscoil Luimnigh?
3. Cad a rinne sé ar mhaithe leis an gceol traidisiúnta?
4. Cad a bhí ar siúl aige le daichead bliain anuas?

Ceist 4 Nuair a bhíonn dhá ainmfhocal ag leanúint a chéile, tagann athrú ar an dara ceann. Tugtar an tuiseal ginideach ar an athrú sin. Féach ar na samplaí seo ón tuairisc:

cumadóir + ceol:	cumadóir **ceoil**
Ollscoil + Luimneach:	Ollscoil **Luimnigh**
obair + Micheál:	obair **Mhichíl**

A. Uaireanta, tagann mearbhall ar dhaoine idir cad is ainmfhocal ann agus cad is aidiacht ann. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus abair cad atá i gceist sna frásaí thíos – (i) ainmfhocal + ainmfhocal, nó (ii) ainmfhocal + aidiacht.

Leid chun cabhrú leat: más féidir leat 'an' nó 'na' (the) a chur roimh an bhfocal, is **ainmfhocal é, agus más féidir leat 'an-' (very) a chur roimh an bhfocal, is **aidiacht** é.*

- ceol traidisiúnta
- oideachas ollscoile
- feadóg stáin
- duine muinteartha
- ceann roinne
- cúrsa acadúil

B. Anois, féach féin agus an duine in aice leat ar na samplaí seo den tuiseal ginideach. An féidir libh an bhunfhoirm den dara hainmfhocal a scríobh amach? Tá an chéad cheann déanta daoibh.

1. mála scoile
   bunfhoirm an dara ainmfhocal: SCOIL
2. buidéal fíona
   bunfhoirm an dara ainmfhocal: _____
3. club spóirt
   bunfhoirm an dara ainmfhocal: _____
4. seoladh ríomhphoist
   bunfhoirm an dara ainmfhocal: _____

5. seomra ranga
   bunfhoirm an dara ainmfhocal: _____

Ceist 5 **A.** Tá slite difriúla ann chun '*playing music*' a rá as Gaeilge. An féidir leat aon cheann acu a rá? Pléigh leis an duine in aice leat iad.

B. Ní raibh Micheál Ó Súilleabháin ábalta cuimhneamh ar an bhfocal Gaeilge ar '*duration*' i.e. *the same duration*. An bhfuil sé ar eolas agatsa?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An seinneann tusa aon uirlis cheoil? Cén uirlis is mó ba mhaith leat a bheith ábalta a sheinm?
2. An dtéann tú chuig ceolchoirmeacha? Cén cheolchoirm dheireanach a raibh tú aici?
3. Cén saghas ceoil is mó a thaitníonn leat? Cad leis a bhfuil tú ag éisteacht na laethanta seo?
4. Conas a éisteann tú le ceol (ar dhlúthdhioscaí; ar d'fhón; ar iTunes etc.)?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1.	ómós:	*honour*
2.	cumadóir:	*composer*
3.	daoine muinteartha:	*relatives*
4.	ag prapáil:	*preparing*
5.	bunaidhm:	*main aim*
6.	taighde:	*research*
7.	cleachtadh:	*practice*
8.	cathaoirleach ceoil:	*chair of music*
9.	ag dul ar scor:	*retiring*
10.	scór bliain:	*twenty years*
11.	spreagadh:	*encouragement*
12.	scoláireacht:	*scholarship*
13.	bláth na gceoltóirí:	*the best of musicians*
14.	ceiliúradh:	*celebration*
15.	tionlacan:	*accompaniment*
16.	ceolfhoireann:	*orchestra*

Ceist 2

Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna chun an cleachtadh seo a dhéanamh. Tabhair faoi deara go n-athróidh focal nó dhó nuair a chuirtear sna bearnaí iad e.g. don **ch**umadóir.

Ceist 3

1. Mar go bhfuil Micheál Ó Súilleabháin ag éirí as agus seo ceolchoirm in ómós dó.
2. Bhunaigh sé Dámh Chruinne Éireann i gCeol agus i Rince.
3. Thug sé an ceol traidisiúnta isteach in ollscoileanna.
4. Chaith sé 20 bliain ag obair san ollscoil i gCorcaigh agus 20 bliain in Ollscoil Luimnigh.

Ceist 4

A.

1.	ceol traidisiúnta:	ainmfhocal + aidiacht
2.	oideachas ollscoile:	ainmfhocal + ainmfhocal
3.	feadóg stáin:	ainmfhocal + ainmfhocal
4.	duine muinteartha:	ainmfhocal + aidiacht
5.	ceann roinne:	ainmfhocal + ainmfhocal
6.	cúrsa acadúil:	ainmfhocal + aidiacht

B. 2. fíon; 3. spórt, 4. ríomhphost; 5. rang

Ceist 5

A.
ag seinm
ag seinnt
ag casadh

B.
fad
an fad céanna

Ceist 6

Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Eimear Ní Chonaola
Beidh ceolchoirm speisialta i Luimneach anocht in ómós don chumadóir ceoil Micheál Ó Súilleabháin atá ag éirí as. Tá sé breis is 20 bliain ó shin ó bhunaigh Micheál Dámh Chruinne Éireann i gCeol agus i Rince in Ollscoil Luimnigh.

Tomás Ó Mainnín
Cairde, daoine muinteartha agus ceoltóirí ag prapáil in Ollscoil Luimnigh do cheolchoirm na hoíche anocht. I 1994 a bunaíodh Dámh Chruinne Éireann sa Cheol agus sa Rince anseo. Ba é bunaidhm an Acadaimh ná taighde, múineadh agus cleachtadh an cheoil agus an rince a chur chun cinn. Ba é Micheál Ó Súilleabháin a bhí ina cheann feadhna[1] agus a bhunaigh é, agus ó shin, tá ceoltóirí agus cumadóirí ó ar fud an domhain tarraingthe go Luimneach. Ba é Micheál an chéad Chathaoirleach Ceoil in Ollscoil Luimnigh. Ach i mbliana, tá a bhuille deireanach seinnte aige sa ról sin agus é ag dul ar scor anois.

Micheál Ó Súilleabháin
Táim críochnaithe leis an scoil anois. I ndáiríre, táim anseo i gcathair Luimnigh agus in Ollscoil Luimnigh le scór bliain agus bhíos[2] i gCorcaigh roimhe sin an t-am céanna...an *duration* céanna. Ní hé go bhfuilim críochnaithe leis an oideachas in aon chor, ach táim críochnaithe go hoifigiúil leis an gceangal leis an ollscoil anseo, an dtuigeann tú?

Méabh Ní Fhuartháin
Nuair a bhí sé san ollscoil i gCorcaigh, bhí a fhios againn go raibh ceangal aige leis an obair a dhein Ó Riada roimis[3] agus an rud a dhein sé, is dócha, ná gur thóg sé an ceol traidisiúnta isteach go dtí an ollscoil agus ba é an chéad duine a thug spreagadh don cheol traidisiúnta a sheinm[4] san ollscoil agus ansin an scoláireacht ina dtimpeall chomh maith.

Tomás Ó Mainnín
Anocht, beidh bláth na gceoltóirí ag tabhairt faoin stáitse anseo in Ollscoil Luimnigh mar cheiliúradh ar obair Mhichíl. Ina measc sin, beidh Ceoltóir Óg na Bliana, Pádraig Keane, Ken Edge, Niall Keegan, Kathleen Turner agus mórán eile. Beidh tionlacan chomh maith ann ó cheolfhoireann RTÉ agus Cór an Acadaimh féin anseo. Ceol agus ceiliúradh ar shaol agus beatha duine de mhórchumadóirí ceoil ár linne seo.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i Luimneach.

[1] *feadhain* a deirtear
[2] Córas na Mumhan (bhí mé)
[3] *roimhe* an leagan caighdeánach
[4] *á sheinnt* a deirtear